C/2024/1616

21.2.2024

Fógra maidir le dul in éag beart frithdhumpála áirithe

(C/2024/1616)

Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú [1], fógra nár cuireadh isteach dá thoradh aon iarraidh ar athbhreithniú a raibh bunús cuí léi, tá an Coimisiún ag tabhairt fógra go rachaidh an beart frithdhumpála a luaitear thíos in éag.

Déantar an fógra seo a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [2].

Táirge	Tír/tíortha tionscnaimh nó tír/tíortha is onnmhaireoir(í)	Bearta	Tagairt	Dáta éaga [1]
Leathar seamaí	Daon-Phoblacht na Síne	Dleacht frithdhumpála	RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2019/297 ÓN gCOIMISIÚN an 20 Feabhra 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí leathair seamaí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 50, 21.2.2019, lch. 5.)	22.2.2024

[1] Rachaidh an beart in éag ag meán oíche (00:00) an lá a luaitear sa cholún seo.

[1] IO C 198, 6.6.2023, lch. 18

[2] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.